# AN BARR BUADH

"Do sheinn Fionn an Barr Buadh
Is do ghairm fó luas a throm-shlógh."

Imleabhar I. Uimhir 11. BAILE ÁTHA CLIATH, 25 BEALTAINE, 1912. PINGINN.

## WOLFE TONE.

ADUBHRAMAR, tá coicthighis ó shoin ann, gurab é Tiobóid Wolfe Tone an fear do b'fhearr de Ghaedhealaibh ná de Ghall-Ghaedhealaibh dár geineadh riamh i nÉirinn. Do bhí baramhla ag Wolfe Tone nach bhfuil againne. Níorbh' ionann creideamh dósan agus dúinne. Is minic adeirtear gurbh' ainchríostaidhe Wolfe Tone. Níorbh' eadh. Do chreid sé i nDia agus níor labhair riamh focal, go bhfios dúinne, ná níor scríobh riamh focal as a dtuigfidhe nach Críostaidhe é. Is iontuigthe as gach ar scríobh sé, go mórmhór as an méid do scríobh sé ós íseal le haghaidh a mhná féin, gur chreid go diongmhálta i nDia agus i nÍosa Críost a Mhac. Is fíor nár lean sé do'n chreideamh dá leanann furmhór Gaedheal. Is fíor go raibh droch-mhuinighin aige as cléir na hÉireann, idir Gaedhil agus Gaill, le n-a linn féin, agus b'fhéidir nár mhilleán air é sin. Is dócha gur fíor nár mhuinighin leis cliar d'aon tsaghas. Ní thigimíd leis san mí-mhuinghin sin. Ní thigimíd leis i roinn eile dá thuairimíbh. Acht cromaimíd ar gceann agus feacaimíd ar nglún ina fhiadhnuise, agus goirimíd é thar ar síolruigheadh de dheaghfhearaibh annso ó dealbhadh Éire, ar mhórdhacht a anma, ar dhoimhneacht a inntleachta, ar mhéid a fhóirithine do chlannaibh Gaedheal. Ní bheadh Éire ann indiu muna mbeadh an fear sin. A chuimhne sin agus a theagasc sin do choingbhigh beo go nuige so í.

Ní raibh de thaoiseach ná de threoraidhe ag Gaedhealaibh riamh ó theacht do na Normánachaibh fear do b'ionchurtha le Wolfe Tone acht Aodh Ó Néill. Acht ba mhó d'fhear Wolfe Tone ioná Aodh Ó Néill. Do b'fhírinnighe d'fhear é. Ba ghlaine d'fhear é. Ba neartmhaire d'fhear é. Neart, glaine, agus fírinne trí buadha an tsár-laoich. "Neart in ar lámhaibh, fírinne in ar dteangthaibh, agus glaine in ar gcroidhthibh." Agus do b'uathmhar í doimhneacht inntleachta Wolfe Tone agus do b'iongantach í géire a intinne. Do thuig sé dála Gaedheal agus cúrsaí Gall go hiomlán. Do b'é an chéad duine do thuig ina gceart iad. Is é thug léargus agus solus ar an gcúis sin dá dtáinig ina dhiaidh. Is uaidh-sean do fuair an *Nation* a spiorad agus is uaidhsean do fuair an BARR BUADH a ghlór.

## AN CHÚIS DÁ PLÉIDHE.

CHÍFEAR litir ó Phádraic Mac Piarais ar leathanach a dó de'n uimhir so de'n BHARR BUADH. Tá an Piarsach ag gabháil bhuidheachais leis an dream do chuidigh leis chum Cumainn Teoranta do chur ar bun le dul i gceannus Scoil Éanna agus Scoil Íde. D'éirigh leis an Cumann do chur ar bun, acht ní bhfuair fós an oiread airgid is ghlanfas na sean-fhiacha agus thógfas teach codalta nua agus chuirfeas altóir san séipéal atá tógtha aige. Tá gábhadh leis na trí neithibh sin agus tá an Piarsach ag cur na hoibre ar chomairce Ghaedheal.

Ní raibh an BARR BUADH so dá sheinnm an uair d'iarr an Piarsach ar Ghaedhealaibh an chabhair do fuair uatha le déidheannaighe. Ó lucht léighthe an CHLAIDHIMH SHOLUIS is mó do fuair sé an chongnamh sin. Níor mhór do lucht léighte an BHAIRR BHUADH gníomh éigin do dhéanamh anois. Dá ndéanfadh gach éinne dá léighfidh na focla so an méid so .i. (1) punnt do chur chum an Phiarsaigh uaidh féin agus (2) punnt d'fhagháil ó charaid éigin agus a chur chuige, do bheadh a dhóthain mhór airgid ag an bPiarsach, do bheadh Scoil Éanna agus Scoil Íde as conntabhairt, agus déanfaidhe gníomh a mairfeadh a thuarascbháil agus a iomradh an fhaid do mhairfeadh Éire.

Iarraimíd an méid sin ar lucht léighte an BHAIRR BHUADH anois. Ní mór an méid é. Níl éinne ortha nach féidir leis a dhéanamh. Do b'théidir nach bhféadfadh gach éinne an t-airgead ar fad do thabhajrt uaidh anois. Tugadh sé a leath uaidh nó a thrian nó a cheathramhadh, agus tugadh sé an chuid eile uaidh de réir mar bhéas sé aige. Ní déirc atá an Piarsach d'iarraidh ar Ghaedhealaibh. Bhéarar "cuid" nó "roinn" i Scoil Éanna ar son gacha puinnt. Ní dó féin atá an Piarsach d'iarraidh an airgid. Ní leis féin Scoil Éanna ná Scoil Íde anois, acht le Gaedhealaibh Éireann, an méid díobh atá páirteach san gCumann. Do chaith an Piarsach agus beirt nó triúr carad leis £7,000 ar an dá Choláiste. Níor mhór £1,000 nó £2,000 eile anois ó Ghaedhealaibh. Do chuirfeadh an méid sin críoch agus slacht ar an obair is mó le rádh dár tharraing Gaedhil chuca ó cuireadh Connradh na Gaedhilge féin ar bun.

Nil aon ní dá déanamh ag Gaedhealaibh i dtaoibh Ádhbhair Achta Riaghaltais na hÉireann. Do fágadh an scéal ar fad fá Sheán Réamonn agus fá na feisiríbh agus is dócha go bhfuilid sin ag freastal air. Is iongnadh linn a laighead suime is áta fir Éireann do chur sa gcúis. Ní féidir a rádh nach bhfuil muinghin ag Gaedhealaibh as an Réamonnach. Ní dócha go raibh an oiread sin muinghine ag bunadh aon chríche riamh as taoiseach ar bith is atá ag Gaedhealaibh as Seán Réamonn, óir níor fágadh réidhteach scéil chomh mór sin riamh roimhe fó bhreith duine ina aonar. Do b'fhearr linn féin an scéal do bheith dá mheas agus dá chur tré chéile ag Gaedhealaibh i gcoitchinne i ngach áit dá mbíd, agus is dóigh linn go mb'fhearrde agus go mbadh threiside an Réamonnach an díospóireacht agus an cur tré chéile sin. Do shílfeá gur cuma le gach éinne acht amháin Muinntir Sinn Féin cia an saghas reachta bhéas againn nó gan reacht ar bith do bheith againn. An amhlaidh atá?

I dtosach míosa an Iúil tionólfar Árd-Fheis mhuinntire na Gaedhilge i mbliadhna. Do chomhairleochaimís do na craobhachaibh agus do na coistíbh ceanntair ar fad teachtairí do chur uatha go dtí an tionól sin. Ní haon eagla atá orainn roimh an Sciathán Ciotach (mar do bheir Tomás Mac Domhnaill ar an Extreme Left Wing), acht fonn atá orainn fir agus mná an Chonnartha go hiomlán d'fheicsint agus suim aca i ngnóthaibh an Chonnartha agus páirt aca i riaghlughadh an Chonnartha. Is mór é ar meas ar ógánachaibh Bhaile Átha Cliath acht bíonn an iomarca cainnte ag cuid aca ar an Árd-Fheis. Umhlacht i láthair tionól agus teinne gnímh ar mhachaire na tréithe is oireamhnaighe d'ógánach. Droch-chomhartha ar fhear óg an iomarca cainnte do bheith aige.

Tá an ceart ar fad ag Peadar Ó Maicín mar a n-abair gur beag nach i gan fhios dá chéile labhras muinntir Chumainn na Saoirse Gaedhealg agus iad i ndáil chomhairle. Ní ar mhaithe leis an nGaedhilg thagas siad le chéile, acht ó's Gaedhil iad badh náir leo teanga Ghall do labhairt. Ní luaidhtear an Ghaedhealg ar na tionólaibh acht ní labhartar a malairt. Nach mar sin is córa ar dhálaibh Gaedheal? Ar gcomhairle d'fhearaibh óga na hÉireann: gan éirghe as gach aon tsaghas oibre ar mhaithe leis an nGaedhilg acht gach aon tsaghas oibre do tharraing chuca agus a déanamh i nGaedhilg.

## Beart Litreach do Chuaidh Amugha.

XI.

CHUM THOMÁIS CIOTAIL:

BEATHA AGUS SLAINTE:

IS mór an tsuim do chuireas i gcomhnuidhe ionnat ó'n tráth úd fad ó an uair do bhís-se i do mhac-léighinn. Do cheapas riamh gur mianach fóghanta do bhí ionnat, go mór-mhór an t am úd do dhiúltuighis do do ghlúin d'fhaiceadh roimh choróin Shasan, acht mo léan géar is mo chreach chráidhte, rug aer an tsaoghail ort, thugais onóir agus adhradh do dhéithibh bhréige na nGeinteach, agus anois adeirir linn gur beag d'ionntaobh as an gcine daonna.

Faire fút, a mhic an fhir chalma! Dá mbadh gur annso ar fhód nádúrtha do thalmhan dúthchais féin do chaithis an t-achar úd a raibh tú ag teacht i n-aois na fearamhlachta agus na lán-tuigsiona do bheadh a mhalairt de chruth anois ort. *Do bheadh muinighin agat as do dhearbhráithreachaibh is do dheirbhshiúrachaibh* fá mar atá ag an duine is ísle againn annso. Do thuigfeá "nach Eorpach go hÉireannach agus nach Éireannach go Gaedhilgeoir." Gur iomdha rud nua san Nua-Eoraip agus gur sean-rudaí iad san tSean-Éirinn.

Acht, a bhuidhe le Dia, nílir id' dhuine ró-aosta go fóill. Tá cúram naomhtha uasal ort agus cuirim fá gheasaibh thú do dhualgas do choimhlíonodh. Mar atá, na mic-léighinn dá bhfuil fá do chúram d'oileamhaint agus tabhairt suas iomlán do sholáthar dhóibh, maille leis an spiorad cheart do chur ionnta ar nós go gcuirfidh siad a gcuid eoluis chum tairbhe agus go mbainfid feidhm as do chum leasa ar ndaoine, do chum glóire Dé agus onóra na hÉireann.

Má chuireas nimh i n-aon fhocal dár chanas leat maith dhom é. Níor chailleas riamh an cheanamhlacht do bhíodh agam ort, agus níor laghduigheadh riamh ar an muinighin do bhí agam asat. Agus is é so an fáth: *An meas do bheith riamh agat ar d'athair dílis féin.*

Badh chóir go mbadh bheag ort daoine do do cháineadh i dtaobh a ndearnais an uair do b'annsa leat claoi le Seán Réamonn ioná éisteacht le binn-bhriathraibh na mban. Bíodh aca, is uaisle an Náisiún ioná aon dream fá leith dá dhaoinibh.

BEIR BUAIDH AGUS BEANNACHT.
Mise
SEANCHAN TORPEIST.

## Do Scoil Eanna.

DO chuireas litir, tá leath-bhliadhain ó shoin ann, ar an "gClaidheamh Soluis" agus ar "Sinn Féin" dhá iarraidh ar lucht léighte an dhá pháipéar sin congnamh airgid do thabhairt chum cumainn teoranta do chur ar bun do thógfadh dhíom cúram Scoil Éanna agus Scoil Íde an fhad is do bhain le cúrsaibh airgid. Do rinneadar rud orm. Thugadar roinnt mhaith airgid, agus d'éirigh linn an cumann do chur ar bun. Is é atá i bhfeidhil Scoil Éanna agus Scoil Íde anois, acht tá socair againn go bhfanfad-sa im' fhear cheannuis ar an dhá Scoil agus im' Ard-mháighistir ar Scoil Éanna go ceann deich mbliadhain, má mhairim beo.

Táim buidheach de'n dream do chuidigh linn. Béidh Éire buidheach dhíobh ar ball an uair chífear gníomhartha ar macraidhe.

Do fuaireamar, de réir mar adubhras, roinnt mhaith airgid. Acht ní bhfuaireamar fós an oiread is do bhí uainn. Ní bhfuaireamar an oiread is do ghlanfadh na sean-fhiacha gan trácht ar an teach codalta nuadh atá uainn ná ar an séipéal atá gan críochnughadh. Táim ag éileamh an airgid sin ar Ghaedhealaibh anois. Tá dhá mhíle punnt uainn. Dá bhfuighimís £50 nó £60 ó gach conntae i nÉirinn do bheadh ar ndóthain mhór againn. Nó dá ndéanfadh gach duine dá léighfidh na focla so an méid so síos do bheadh ar ndóthain mhór againn .i.

*Punnt do chur chugainn uaidh féin agus punnt d'fhághail ó charaid agus a chur chugainn.*

Cuirim an méid sin mar oibligáid agus mar mhór-ualach ar lucht léighthe an BHAIRR BHUADH. An ndéanfaid rud orm?

PADRAIC MAC PIARAIS.

## Do Lucht Suidhte Annso Síos.

BÍM-se im' shuidhe ar feadh an lae. Ní hamhlaidh bím diamhaoin ná leisceamhail. Ní headh, go deimhin. Bíonn mo chuid oibre dhá déanamh agam. Bíonn litreacha dhá scríobhadh agam; bíonn cúnntaisí dhá scrúdughadh agam; bíonn airgead dhá choimhreamh agam. Níl mórán de'n obair sin nach féidir a dhéanamh gan suidhe síos. Fear le scríobhadh is eadh mé. Ní raibh meas riamh ar an fear le scríobhadh agus ní bhéidh go bráth acht oiread agus tá ar an táilliúir. Níl meas agam ar mo ghnó. Ní obair fir bheith ag scríobhadh agus ag síor-scríobhadh. Ní féidir corruighe as an oifig, ar fhaitchíos go dtiocfadh coisteméara isteach. Ní féidir scairt gáiridhe do chur uait ar fhaitchíos go scannróchadh an coisteméara céadna. Duine cóir ciúin is eadh an cléireach, an fear le scríobhadh. Acht ní fear é. Níl aon dul uaidh sin.

Is dual do'n bhfear obair fir do tharraing chuige agus í do dhéanamh mar do dhéanfadh fear. Ní dual dó a cheann do chromadh nó a chroidhe do bhriseadh le sclábhaidheacht de'n tsórt so. Féach ar an sean-chléireach agus cad chífeas tú acht duine caithte críonna cam-shlinneánach; gruaig liath air; spéacláirí ar a shróin; peann le n-a chluais; gan misneach ina chroidhe ná gáiridhe ar a bhéal.

Ná bí ag súil le mórán ó'n bhfear le scríobhadh. Is mó mo mhuinghin as an gceardaidhe ná as fiche fear le scríobhadh. Tá meas ar an gceardaidhe; tá meas aige féin ar a chuid oibre; tá cion aige ar a chuid oibre agus ar gach a mbaineann léi. Ní amhlaidh caitheas sé a shaoghal ar an mball céadna. Chíonn sé a bhfuil le feicsin; gabhann sé ó áit go háit agus ó bhaile go baile. Chomh fhad is bíonn cúpla scilling ina phóca bíonn gáiridhe ar a bhéal, bíonn misneach ina chroidhe, bíonn grádh aige dá chomhluadar.

Ní mar sin do'n gcléireach bocht. Níl ceird ná cumann aige. Níl aon dul ar aghaidh ann. Ní dhéanann sé aon ní as a stuaim fhéin mar dhéanas an ceardaidhe. Ní dhéanann sé acht cóir do chur ar obair na gceardaidhe. Ní dhéanann sé féin aon obair gur fiú obair do thabhairt air. Caitheann sé a shaoghal agus a shláinte ag saothrughadh a chuid idir ceithre ballaí na hoifige

Ní shéideann an ghaoth dhó. Ní ritheann an t-uisce dhó. Ní scairteann an ghrian dó. Chíonn sé scáile na gréine taobh amuigh ar an tsráid. Ní ceadmhach dó dul ag féachaint amach an dorus. Cléireach, fear le scríobhadh is eadh é. Ní bhaineann aon ní eile leis acht a pheann is a bhuidéal dubhaigh is a leabhar.

Ní túisce fuaireas fios ar an méid sin ioná chuireas romham an scéal do leigheas. Sílim gur éirigh liom. Sílim nach mbéidh mé chomh dúr doineannta feasta is bhíos an cléireach bocht de ghnáth. Éirighim go moc. Amach liom ins na garrdhantaibh, áit a gcaithim cúpla uair an chluig gach maidin ag cur is ag baint; ag cur gach aon tsaghas síolta idir tornapaí, meacna bána, fataí, cabáiste, celerí, spinis, agus eile. Ag tanadh agus ag glanadh de réir mar theastuigheas tanadh nó glanadh ó na barrantaibh. Anois tá na fataí os cionn talmhan. Is gearr go mbéad dhá lánadh sin. Ní tháinig an dubhchan ortha, acht tháinig an sioc agus choingbhigh an sioc siar go maith iad.

Seachtmhain ó shoin bhí na croinnte fá bhláth. Tá an bláth imthighte fá'n am so. Tá an toradh le feicsin go soiléir anois.

Tá paiste beag le romhar anois agam. Leathuigh mé an t-aoileach ar an talamh ar dtús, agus romhróchaidh mé iar sin é.

. . . . . .

Cad chuige an chainnt sin go léir? Chuige so: nár mhisde do gach aon fhear óg é féin do láidriughadh i gcóir lae an chatha. Tá meathadh ag teacht ar fhearaibh Inse Fáil. Tá go leor aca meathta cheana féin. Seachain thú féin, a fhir óig. Má's duine de lucht suidhte sios thú, seachain thú féin. Bí láidir id' aigne. Bí láidir i do bhallaibh. Muna dtaithnigheann garradóireacht leat ceannuigh camán agus amach leat ar mhacaire an bháire; nó gearr maide droighin duit féin agus suas leat thar dhruim na sléibhte, áit a bhfuighidh tú boladh cúmhartha bhláith bháin an sceich na laetheannta so.

Má's maith leat bheith buan ól fuar agus te. Má's maith leis na Ghaedhealaibh bheith buan ina ndúthaigh féin, bíodh siad láidir sláinteamhail.

E***** C******

## An Sciathán Ciotach.

NÍL a fhios agam cia aca an t-ainm sin thuas nó ainm eile .i. an Sciathán Fíor-Chiotach is fearr fheileas do'n dream so thugas ortha féin an Extreme Left Wing i mBéarla. De réir mo dhianbharaimhla féin, agus de réir a bhfuil déanta aca ó d'éirigh leo teacht ar an gCoiste Gnótha, is fearr fheileas an t-ainm Gaedhilge dóibh ioná an t-ainm Gallda. Ci' an chaoi ar éirigh leis an Sciathán Ciotach so mearbhall do chur ar an Ard-Fheis tá bliadhain ó shoin ann? Ar an nós so:

De'n chéad dul do bhailigheadar gach ar bhféidir leo dá'gcáirdibh i mBaile Atha Cliath isteach ins an Ard-Fheis. A lán de na teachtairíbh ó'n tuaith i n-áit dóibh do theacht chum na hÁrd-Fheise is amhlaidh do chuaidh cuid aca ag breathnugadh ar mhór-iongatasaibh na cathrach agus do chaitheadar sin gach trioblóid dá n-intinn i dtaoibh na

Gaedhilge. Shíleadar go raibh dún deiridh na sean-Éireann buan-láidir do-bhriste an tráth so anuraidh. Acht ní hamhlaidh do bhí. Tá dream beag annso i mBaile Átha Cliath ar mian leo cumhacht iomlán do'fhagháil i gConnradh na Gaedhilge. Ní féidir leo sin do dhéanamh gan taoisigh agus maithe an Chonnartha do brisheadh is do ruaigeadh. Dá mbeadh an Craoibhín Aoibhinn, Eoin Mac Néill, an tAthair Maitiú Ó Riain, agus gach duine nach bhfuil fá scáth an Sciatháin Chiotaigh ruaigthe as an gConnradh do bfhéidir leis an sciathán sin na timthirí do chur chum siubhail, agus Pádraig Ó Dálaigh agus na cléirigh san oifig do thabhairt fá n-a smacht féin. Ní buille fá thuairim atá dhá thabhairt anois. Do leig an Árd-Fheis dóibh seo greim do fhagháil ar an gCoiste Gnótha anuraidh, ní raibh botún dá mb'fhéidir leo nach ndearnadar i n-aghaidh an Choiste Ghnótha. Dubhairt an Sciathán Ciotach ag an Árd-Fheis go raibh an Coiste Gnótha fallsa agus failligheach. Bréag í sin, acht do ghlac an Árd-Fheis leis an mbréig uatha. Dubhradar go raibh an Craoibhín agus Eoin MacNéill ag súil le dileagra do thabhairt do rígh Shasan. Mo náire gur leig Gaedhil na hÉireann dóibh labhairt ar an nós mí-chneasta sin ar an Árd-Fheis. Do labhradar fós ar a mór-dhílseacht fein do Éirinn, agus ar neamh-shuim an Choiste Ghnótha fá'n nGaedhilg. Dubhradar gur mian leo na Sasanaigh do ruaigeadh as Éirinn "lock, stock, and barrel," agus do chreid muinntir na nÁrd-Fheise go mbeadh gach uile rud ina cheart ins an gConnradh acht an Sciathán Ciotach do bheith ar an gCoiste Gnótha. Do thárla do chuid de'n sciathán dul ar an gCoiste Gnótha. Ar an toirt is do thángadar ba léir go ndéanfaidís gach ní ar a gcumas i n-aghaidh maithe an Chonnartha. Tháinig an sean-easaontas leó de réir méid agus cumhachta an sciatháin so. An teach a bhfuil asaontas ann ni féidir leis gan tuitim ó chéile. Tá trom-obair do-dhéanta roimh an gConnradh i n-aghaidh na nGall agus is leor sin. Tá de dhualgas ar an Árd-Fheis an t-easaontas agus luct na mbuillí bhfeille do ruaigeadh as an gCoiste Gnótha mar do rinneadar go misneamhail ag an Árd-Fheis speisíalta tá tri bhliadhna ó shoin ann.

TOMAS MAC DOMHNAILL.

## CUMANN NA SAOIRSE.

SO rud iongantach thugas fá deara ar an gcruinniughadh deireannach dár gCumann: Daoine ag labhairt as Gaedhilg i ngan fhios dóibh féin agus i ngan fhios dá chéile. Agus sin rud nár mhothuigheas riamh ar aon chruinniughadh de Chonnradh na Gaedhilge.

Cibé cruinniughadh de Chonnradh na Gaedhilge do bheadh ar siubhal i mBaile Átha Cliath do bheadh rian na tréan-iarrachta ar an gcainnt. Ní har aon dul leis an tslighe mar a labhartar ins na ceanntrachaibh Gaedhealacha do bheadh an chainnt i n-aon chor, acht gach éinne ar a dhícheall agus gur lag an dícheall é.

Ní nach locht ar na cainnteoiríbh é sin; d'aon ghnó chum Gaedhilge do chur ar aghaidh do cuireadh Connradh na Gaedhilge ar bun; agus ní fhéadfadh na cainnteoirí gan bheith i gcomhnuidhe ag cur síos ar na sean-rudaíbh céadna, "ag cogaint na cíorach," mar adéarfadh Tórna an Ghleanna.

Ní chum Sacs-Bhéarla do chur ar aghaidh cuirtear comhdháil nó cruinniughadh ar bun ag muinntir Sinn Féin ná ag Cumann Aonta Gaedheal, acht ní dóigh liom-sa gur Sacs-Bhéarla bríoghmhar líomhtha go dtí an Sacs-Bhéarla bhíos dá spreagadh ó bhéalaibh na gcainnteoirí ar na mór-chruinnighthibh úd.

Is lag agus is leamh an chainnt í cannamhaint na nGall-Ghaedheal i gcomparáid le foclaibh bríoghmhara borba Sheosaimh Uí Dhoibhealáin nó Sheán Mhic Bhrīde.

Adubhairt sagart éigin liom ó chianaibh "nach cainnteoir go duine i bhfeirg." Adeir sé nach féidir a mheas i gceart an t-eolus atá ag Gaedhilgeoir ar Ghaedhilg, ag Sasanach ar Shacs-Bhéarla, ag Frann-cach ar Fhrainncis go dtí go dtagann fearg air. "Is annsin," adeir sé, "scaoilfear i do threo Bolg an tSoláthair agus a bhfuil ann."

Agus ní fhéadfadh Gaedheal, óg ná críona, gan fearg do bheith air an uair smuaineas sé ar "dháil a phobail dílis," mar adubhairt Seathrún Céitinn.

Ní cosctha do dhuine gan Gaedhilg bheith ar an gCumann, acht níor labhradh aon tSacs-Bhéarla ar aon chruinniughadh dhe agus ní labharfar. Níl aon riaghail ag an gCumann agá diúltadh dho'n Bhéarla do bheith dhá labhairt againn agus ní gábhadh riaghail dá leithéid.

Ní cosctha do chailín óg ná do mhnaoi teacht isteach ins an gCumann, acht ní thángadar fós. Má baintear amach saoirse Ghaedheal de theann faobhrach chlaidhimh nó de dheascaibh lámhuighte gunnaí an amhlaidh a bhéidheas na mná d'iarraidh guthanna orainn, tráth thos-nóchaimíd ar an tigh do chur i dtreo?

Sean rosc-catha na nGaedheal "Cuimhnigh ar Luimneach," acht má cuimhnighthear ar Luimneach ní féadfar na mná do leigint i ndearmad.

PEADAR Ó MAICIN.

## GLIOCAS.

IS deacair á rádh fá lathair caidé thiocfas as an aistriughadh timthirí do rinne riaghaltas na hAlmáine i rith na seachtmhaine so thart. Is cinnte go rachaidh an Barún Marshall von Bieberstein go Londain Shasan agus go leanfaidh sé an tIarla Wolff Metternich mar timthire ó'n Almáin. Acht sin a bhfuil d'eolus ceart ag éinne seachas riaghaltas an Kaiser.

Adeir páipéir éigin san mBreatain gurab é aon ghnó an Bharúin agus bunádhbhar a aistrighthe réidhteach do dhéanamh idir an dá Impireacht agus obair an Tighearna Haldane do chríochnughadh. Ní chreidim an scéal sin. Mar adubhairt mé cheana féin, tá ceisteanna áirithe bhaineas le na coilíneachtaibh dá réidhtiughadh acht níl socrughadh mór na n-armál i gceist anois. Agus do réidhteochaidhe ceist na gcoilíneacht dá mbeadh von Bieberstein i bpríomh-chathair na dTurcach go fóill.

Is í mo thuairim daingean nach bhfuil an Almáin acht ag leanamhaint de'n obair do ghabh sí do láimh cúig bliadhna ó shoin .i. an caradas nó *l'entente* idir an Bhreatain Mhór agus an Fhrainnc do bhriseadh. Rinne sí an iarracht sin roimhe so, agus is beag nár éirigh léithi; leanfaidh sí de'n ghnó nó go mbéidh an bhuaidh aici i ndeireadh na dála. Agus muna bhfuil mearbhall orm is é sin an fáth ar aistrigheadh an Barún von Bieberstein go Londain, óir is é an Barún an fear chuige.

Sean-fhear cliste géar-chúiseach atá ann. Ní bréag a rádh gurab é von Bieberstein an timthire is mó cúinse agus is géire intinn dá bhfuil imeasc timthirí gcliste na hEorpa, agus go bhfuil tréithe neamh-ghnáthacha ann. Tá sé oilte ar gach saghas poilitidheachta agus tuigsion ach i gcúrsaíbh coigcríoch go háirithe. Do bhí sé i gConstantinople le cúig bliadhna déag agus do b'í an oifig i gConstantinople an oifig timthireachta ba mhó ag na Gearmánacaibh i gcaitheamh na haimsire sin. Ó so amach is dócha gurab í an oifig i Londain an t-ionad bhus mó aca. Is é sin le rádh is i gceart-lár na Breataine, i Londain Shasan féin, fearfar an cath anois.

Rud eile, is é von Bieberstein do bhí ina Rúnaire le haghaidh na gCúrsaí gCoigcríoch an uair do chuir an Kaiser an teinntreach úd chum an Uachtaráin Krúger. Fuair sé an bhuaidh ar theachtaire na Breataine i gcomhluadar éigin san Hág. Fuair sé an lámh uachtair ar thimthiríbh agus ar reachtairíbh na gCumhacht san mbliadhain 1908. An dtig le Sir Éadbhard Grey a leithéid sin d'fhear acfuinneach do mhealladh? Adeirtear sa bhFrainnc gur mian leis an Almáin an Barún do chur go Londain leis an gcaradas do fho-thochladh (*saper l'entente*). Agus ní beag sin.

Sa gcath cainnte is intinne an féidir le Bieberstein árd-stáitearacht na Breataine Móire do shárughadh? Sin í an cheist.

CATHAL UA SEANAIN.

## COMHRÁDH.

CATHAL.—Ní dóigh liom go ndéanfadh "Sciathán clé amach 's amach" an gnó mar aistriughadh ar "Extreme Left Wing" Ní fhéadfainn Gaedhealg do chur ar na foclaibh sin, mar ní thuigim iad ar chor ar bith. Iarr ar Eoin Mac Néill an cheist do réidhteach. Go raibh maith agat, acht níor mhaith liom bheith im' bhall de'n Choiste Gnótha.

RISEARD.—B'fhéidir go bhfuil an ceart agat, acht ní chreidim go bhfuil cúig púnt sa tseachtmhain ag Rúnaidhe Cumainn na Saoirse—ní dóigh liom go bhfuil níos mó ná a dhá dtrian sin aige.

TIMTHIRE.—Ná pós cailín a bhfuil Gaedhealg aici nó dibreochar as do phost thú. Dá bpósadh gach aon timthire Gaedheal ní bheadh aon obair le déanamh ag na timthiríbh i gceann deich mbliadhan agus ní dhéanfadh sin an gnó i n-aon chor. Pós cailín gan focal Gaedhilge ina pluic agus annsin tabhair óráid bhríoghmhar uait agá chomhairliughadh do Ghaedhealaibh gan acht Gaedhilg do labhairt le na bpáistíbh. Fad saoghail!

ART.—Ní clos dom go bhfuil an Coiste Gnótha ag dul thar lear go hAmeiriocá. Caithfidh cuid aca fanmhaint annso i nÉirinn i gcomhair na hÁrd-Fheise.

FILE EILE.—File maith thú. Ní thuigim an oiread is focal de'n dán, agus ní thuigfeadh éinne é. Molaim thú! An uair cuirfear fiche leathanach eile leis an mBARR BUADH cuirfidh mé an dán sin i gcló. Molaim thú arís!

CURADH GLAS AN EOLUIS.

MUINNTIR PLÉIMIONN
BIATHTAIGH agus GRÓSADÓIRÍ,
BOTHAR DHROMCHONNRACH A 140,
i mBAILE ATHA CLIATH.

MAC AONGHUSA ⁊ A CHUID
ÉADAIGHTHEÓIRÍ
27 SRÁID DORSET ÍOCHTAIR.

## AN t-OIREACHTAS
— IS —
## AN SÚGRADH GAEDHEAL

RINNCE, ROTHAIDHEACHT, agus PIOBAIREACHT

le haghaidh Curadhmhíre Eireann,

— ag an —

SÚGRADH GAEDHEAL

DIA DOMHNAIGH, 30 MEITHEAMH, 1912.

Amhránaidheacht, Scéalaidheacht, Oráididheacht Aithriseoireacht, Ceol Bheidhlín is Feadóige, ag an OIREACHTAS, ó 1 IUL go 5 IUL, 1912.

Gheobhthar an Cláró na Fearaibh le Scríobhadh ag CEARNOIG PHARNELL, 25, i mBaile Atha Cliath dhóibh.

---

LÉIGHTEAR

## "SINN FÉIN."

Pinginn sa tseachtmhain.

Gheobhar ó lucht díolta páipéar é nó ó'n Stiúrthóir,

I SRAID NA MAINISTREACH MHEADH, 49,

I MBAILE ÁTHA CLIATH.

---

Léightear

AN MACAOMH,

.i. an t-irisleabhar foillsighthear i SCOIL ÉANNA.

PÁDRAIC MAC PIARAIS a Fhear Eagair

Tá roinnt cóip d'Uimhir a hAon agus d'Uimhir a Trí le fagháil fós, 6p. an ceann, nó 8bp. tríd an bposta; níl aon chóip d'Uimhir a Dó le fagháil.

Scríobhtar chum an Fhir Gnótha, i Scoil Éanna dhó.

---

AN ROTHAR

ag PORT CHAOIMHGIN, 84, i mBaile Atha Cliath.

Rothair LUCANIA agus an PHIARSAIGH Déantús Gaedheal.

---

## "IRISH FREEDOM"

.i. SAOIRSE NA hÉIREANN,

ar n-a Fhoillsiughadh an 15 lá déag de gach mí.

PINGINN A FHIACHA.

---

EARRAIDHE GAEDHEALACHA AMHÁIN.

Nuair theastóchas CULAIDH ÉADAIGH uait Glaodh ar an nGLASANACH AGUS A CHUIDEACHTA,

i SRAID DHOMHNAILL UÍ CHONAILL, 11, i mBaile Atha Cliath dóibh.

---

## SCOIL ÉANNA

atá láimh le Ráith Fearnáin i bhFearaibh Cualann

PÁDRAIC MAC PIARAIS

an tÁrd-Mháighistir agus Tomás Mac Donnchadha, Pádraic O Dubhda, Éamonn Ó Tuathail, Risteard Ó Fithcheallaigh, Uilliam Mac Piarais, agus Deasmhumha Ó Riain a lucht conganta. An tAthair Mícheál Ó Béacháin an Séiplíneach. Deichneabhar agus trí scór líon macraidhe na Scoile.

Oiltear an mhacradh ina nGaedhealaibh dílse agus ina bhfearaibh feardha fírinneacha, maille le léigheann agus le foghlaim, fá choimirce Dé agus Éanna Naomhtha. Tá árus aoibhinn aca fá scáth Cille Moshaomhóg.

Iarrtar gach eolas ar an Árd-Mháighistir.

---

## SCOIL ÍDE

atá i dTigh Fheadha Cuilinn i Ráith Maighnis.

PADRAIC MAC PIARAIS

an Fear Ceannuis,

agus Bean an Bhlúiméaraigh Máighistreás an Tighe. Lúisín Ghabhánach Ní Dhubhthaigh, Máire Níg Uidhir, Máire Ní Cheallacháin, agus Máire Ní Chanainn a lucht conganta. An tAthair P. Ó Ruadháin an séiplíneach.

Ceathrar agus trí scór líon daltaí na Scoile idir cailíníbh agus macaibh óga.

Ionann rúin agus cúrsaí oideachais do'n Scoil so agus do SCOIL ÉANNA.

Iarrtar gach eolas ar Mháighistreáis an Tighe.

---

**C. MÁIRTÍN agus a CHLANN MHAC,**

Céibh Wellington, 27.

An Táilliúracht is Fearr le Fagháil.

Culaidh Éadaigh ó 45/-
Bríste - - ó 12/-

Cuidigh le Déantúsaibh na hÉireann.

---

TUDÓGA AR FHEABHAS

agus iad ar n-a ndéanamh i nÉirinn.

"La Perla," i mboscaíbh, 25 ar 5s., nó 50 ar 9s. 6p. saor.

STÓR TOBAC an FHAOLANAIGH

i *Sráid an Talbóidigh, 95*, i mBaile Átha Cliath.

---

Gheobhthar

STAMPAÍ RUBAIR

ó Bhrian Callender,

i gCUIRT MHIC SHEAIN, 4,

i mBAILE ÁTHA CLIATH dó.

---

Chífear COMHARTHA NA hÉIREANN ar gach earradh dá gceannóchar ó

THOMÁS Ó LOCHLAINN.

Iarrtar air gach ní bhaineas le gléasadh fir.

I SRAID NA FEISE, 19, i mBAILE ÁTHA CLIATH dó.

---

Tá

## P. CURTÉIS,

i Sráidín an Teampuill, 12, i mBaile Átha Cliath dhó agá fhógairt gó ndéanann sé

CLÓDÓIREACHT

de ghach cineál i nGaedhilg agus i mBéarla.

Scríobhtar chuige ag iarraidh meastachán.

Guthán - - 3492.

---

Léightear

AN CLAIDHEAMH SOLUIS,

.i. irisleabhar Connartha na Gaedhilge.

Bíonn Gaedhealg ghonta agus Béarla bríoghmhar ann gach seachtmhain.

Pinginn a thiacha. Tá sé le fagháil ó lucht díolta páipéar nuaidheachta nó ó'n Stiúrthóir, 25 Cearnóg Rutlainn, i mBaile Átha Cliath.

---

FAIRE, A GHAEDHEALA!

Má theastuigheann fios agus eolas uaibh ar Chleasaibh Lúith Gaedheal Caithfidh Sibh.

"THE GAELIC ATHLETE"

do léigheamh.

An t-aon irisleabhar amháin i nEirinn nach bhfuil de chúram air acht Lúith-Chleasa Gaedheal.

— PINGINN GACH AOINE —

Le fagháil ó lucht díolta páipéar nó ó'n Stiurthoír, ag Céibh na gCeannaidhe, 9, i mBaile Átha Cliath.

1s. 8p. an ráithe; 3s. 3p. an leath-bhliadhain.

---

A GHAEDHIL! Ta eolas ag teastáil uait i dtaoibh cúise na Gaedhilge san mBreatain Mhóir.

Tá an t-eolas sin le fagháil agat acht

## "AN tÉIREANNACH"

do cheannach gach mí ó aon fhear díolta páipéar is maith leat i mBaile Átha Cliath, nó a fhagháil díreach Ó'n Stúirthóir,

77 Fleet St., Lonndain Shasan.

1d. sa mí. 1/6 sa mbhliadhain.

---

*AN BARR BUADH.*

PINGINN sa tseachtmhain a fhiacha.

6s. 6p. an díolaidheacht bhliadhna.
3s. 3p. ,, ,, leath-bhliadhna.
1s. 8p. ,, ,, ráithe.

FÓGRAI.

| | |
|---|---|
| £5 - | an leathanach |
| £2 15s. - - | an leath-leathanach |
| £1 18s. 6d. - | an cholamha |
| £1 10s. - | an cheathramha leathanaigh |
| 3s. - - | an t-ordlach |

Bhéarar lascaine má orduighthear fógraí le seasamh gach seachtmain go ceann míosa nó os a cionn.

Fógróchar breatha, báis. pósta, neithe ar easnamh, etc., ar 6p. ar ocht bhfocail déag agus 3p. ar gach naoi bhfocail sa mbreis, má díoltar as an bhfógra roimh ré.

Cuirtear gach scéal bhaineas le heagar an irisleabhair chum an FHIR EAGAIR.

Cuirtear gach scéal bhaineas le gnó chum an Fhir Ghnótha.

I Sráidín an Teampaill, Uimhir 12, i mBAILE ÁTHA CLIATH, dóibh araon.

*Ar n-a chlóbhualadh do Pheadar Cúirtéis, i Sráidín an Teampaill, 12, i mBaile Átha Cliath, agus ar n-a fhoillsiughadh do'n dream ar leis é san áit chéadna.*